**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2005***

# *Líníocht Theicniúil*
## *Páipéar II(B) – Ardleibhéal*
## *(Feidhmiúcháin Tógála)*

***(200 Marc)***


***Dé hAoine 17 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2.00 - 5.00***

***(a)*** ***Ceithre*** *cheist a fhreagairt.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
***(d)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar an bpáipéar freagraí.*
***(e)*** *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar.*
***(f)*** *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair ar an scrúdpháipéar.*
***(g)*** *Is ceadmhach teilgean den chéad uillinn nó den tríú huillinn a úsáid.*

**1.** Tarraing cló peirspictíoch den struchtúr a thaispeántar i bhFíor 1. Téann plána an phictiúir tríd an gcoirnéal A, tá an breathnóir S 10m ón gcoirnéal A agus tá an léaslíne 10m os cionn líne na talún.

Bain feidhm as pointí comhdhruidteacha cúnta mar is cuí.

Scála 1 : 100




**Fíor 1**

**2.** I bhFíor 2 taispeántar an bonnchló agus an t-ingearchló imlíneach de dhromchlaí dín agus d΄fuinneog dhormánta.


**(a)** Tá claonadh 50º agus 45º sna dromchlaí A agus B, faoi seach. Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló den dá dhromchla seo agus aimsigh an uillinn dhéhéidreach atá eatarthu.

**(b)** Tá fíorfhad 7m ag an líne thrasnúcháin idir dromchla C agus an dromchla dormánta E. Tá 135º san uillinn dhéhéidreach idir na dromchlaí A agus D.

Críochnaigh an bonnchló agus an t-ingearchló den díon agus den fhuinneog dhormánta.

**(c)** Forbair an dromchla C.


Scála 1 : 100




**Fíor 2**

**3.** I bhFíor 3 taispeántar an bonnchló, an t-ingearchló agus an taobhchló de dhá fhoirgneamh atá in aice a chéile. Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar.
Aimsigh na scáthanna agus an chuid atá faoi scáil sa bhonnchló agus san ingearchló nuair a bhíonn treo an tsolais mar a thaispeántar.

Scála 1 : 200






**Fíor 3**

**4.** I bhFíor 4 taispeántar an bonnchló, an t-ingearchló agus sceitse pictiúrtha de dhealbh áirithe. Déantar an dromchla S a ghiniúint tríd an bparabóil chothrománach ABC a aistriú suas feadh na parabóile BD. Is é B rinn na parabóile BD. Tá poll sorcóireach sa dealbh, mar a thaispeántar.

Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar den dealbh.

Scála 1 : 100




**Fíor 4**

**5.** Is dhá phointe iad A agus B ar léarscáil chomhrianach a bhfuil airde 115m agus 95m iontu, faoi seach. Tá B suite 105m soir ó dheas ó A ar an léarscáil. Druileáiltear tollpholl sceabhach ag A san aird ó dheas sa bhonnchló agus tá claonadh iarbhír 45° aige leis an bplána cothrománach. Nochtann sé barrdhromchla agus bundromchla strataim áirithe ag faid 20m agus 95m ó A, faoi seach.

Druileáiltear tollpholl sceabhach ag B san aird soir ó thuaidh sa bhonnchló agus tá claonadh iarbhír 65° aige leis an bplána cothrománach. Nochtann sé barrdhromchla agus bundromchla an strataim ag faid 55m agus 80m ó B, faoi seach.

**(a)** Aimsigh claonas, treoíocht agus tiús an strataim.

**(b)** Druileáiltear tollpholl sceabhach eile ag B san aird ó thuaidh sa bhonnchló. Nochtann sé bundromchla an strataim ag fad 70m ó B. Aimsigh an airde a mbuaileann an tollpholl le barrdhromchla an strataim.

**(c)** Aimsigh an fhíoruillinn atá idir an dá thollpholl a dhruileáiltear ag B.

Scála 1 : 1000


**6.** I bhFíor 5 taispeántar an bonnchló agus an t-ingearchló imlíneach de dhíon parabólóideach hipearbólóideach. Tá imlíne an dín mar dhronuilleog sa bhonnchló. Déantar an díon trí leathnú ar an dromchla parabólóideach hipearbólóideach ABCD.

**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar.

**(b)** Teilg taobhchló.

**(c)** Tá an treophlána do na heilimintí AD agus BC suite sa chaoi go bhfuil an pointe D ann. Tarraing na rianta don treophlána seo.

Scála 1 : 200




**Fíor 5**

**7.** Taispeánann an líníocht a ghabhann leis seo comhrianta talún ag eatraimh cheartingearacha cúig mhéadar. Is é ABCDE treo an bhealaigh atá á bheartú agus atá le leathnú idir C agus D.

Gabhann an tsonraíocht seo a leanas leis an mbealach:-

(i) leitheid fhoirmíochta mar a thaispeántar;

(ii) leibhéal foirmíochta ag B 60m;

(iii) tá A go B leibhéal;

(iv) tá grádán B go E 1 in 13 ag titim;

(v) taobhfhánaí do ghearrthacha 1 in 1;

(vi) taobhfhánaí do chlaífoirt 1 in 2.

Ar an líníocht a sholáthraítear, taispeáin na créfoirt atá riachtanach chun réiteach a dhéanamh don bhealach.

LEATHANACH BÁN

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit** (M85L)
**State Examinations Commission**

**Scrúdú Ardteistiméireachta, 2005**
**Leaving Certificate Examination, 2005**

**Scrúduimhir:**
**Examination Number:**

